ag imeacht

Kristina Kočan

focaileile drugebesede

Co-funded by the Creative Europe Programme of the European Union

Aistrithe ag Peadar O Ceannabhain

ag imeacht Kristina Kočan

imircí

ghluais duilleoga buí chun bealaigh
ó stoic dhorcha na bpoibleog
ag athlonnú
éin imirce sinn
ó thailte ó dhaoine
uainn féin an cosán
an t-aon tearmann
ag síorghluaiseacht
an gheallúint go bhfillfear ár slánú
ag imeacht roimh ré
imítear idir codladh is dúiseacht
aibhneacha faoi bhláth
i ndathanna duilleog thíos fúinn
an ghrian chiarbhuí
dár ngoradh
meáchan ceolaire i mbos láimhe
inár gcuimhne
nó píobaire gríosaí

pilibíní

siúd í an fharraige

tearmann d'ollscáthán

i bhfad ón damba

ar a seasaimid

crainn seoil faoi dheifir

ar thóir cleití

i siolla na gaoithe

i dtreo oileáin atá

nach mór as amharc

in aice láimhe aithrisímid dánta

i gcluais a chéile os íseal

i dteangacha aduaine

éin chósta

an fhuachta

an bhogaigh

an fhéir ghearr

ag síor-ruagaireacht

os ár gcionn

i dtuilleamaí oícheanta gealaí

beo le feithidí

tolláin ghaoithe

dílis dá mbuanchomrádaithe

an ghaoth agus an bás

cumha i ndiaidh an bhaile

ina scréach dhiamhair

dá brú níos doimhne anois

i dtreo an cheo

i dtreo an fhéir

i dtreo na dtonnta

chun na farraige ciúine

luitear in aice láimhe le spléachadh

ar an loinnir ghlas

gona cholainn gona scórnach

gona shúil dhubh

ar nós an chompáis

i dtreo an teasa

Tíogar

Ní bheirtear barróg ar éinne
an t-ualach ina thonnaí ag cogarnaíl
i gcluais gan aird
súile stánaithe sa dorchadas
glórtha siosarnacha ban i gcéin
do bharúil d'fhuaim na bóchna
sa gciúineadas
tá uisce an Hudson
dorcha nó gormghlas
snáthaid fhuar dírithe ó thuaidh
adhmad ag pléascadh
a mheáchan iomlán sa tine
sneachta ina báisteach mharbh
ina hoighear anois
gan fanta ach cnámha
in aice láimhe
turcaithe fiáine ar crith
na réalta in áit éigin
súil go nglanfaidh sé
go dtiocfar slán
ó gheimhreadh eile.

Leon

cúl a thabhairt do shólás

aifreann na maidne

i séipéal an bhríce dheirg

do mhacalla ghlórtha balbha an chóir

seoladh chun na farraige draoibí

as ar tarraingíodh scadáin i gcomhair dinnéir

inné go deireanach

a theacht slán ar sheanraic

sula dtógtar na seolta go fírinneach

réalta an teochreasa ar an seol tosaigh

gairge an phiobair ag fanacht orthu

ar oileáin na spíosraí

an Bheangál

cailéideascóp na n-éadaí lasta go fiánta

meathchuimhne ar an mbaile

ag dul sa gcírín ar ór Muire

i ndonnuisce an Ghanges amháin

brúnn craiceann te cainéil

gaiste an leoin ar oscailt

Medusa

stráice crithloinnreach talún
olltrá ar chuma platanaim
achar fada go farraige
cosnocht óna dumhacha máguaird
a léithéid d'áilleacht
smugairle róin ina chuisle
ag snámh gan cúram ar an tanaí
ag fuireach go méadaítear leis an taoille
an damhsóir fiáin gléineach seo
go síobtar leis an sruth
ceann i gcoinne a chéile
i gcoinne an uisce
ina theagmháil shéimh
imeacht chomh fada agus is féidir
bolaithe laga ar an ngaoith
gan sásamh sa mbraighdeanas
sa niamhracht shuaimhneasach
fearacht ainmhí i ngaiste
fearacht féileacán i ngloine
a dtéann i bhfostú ina cuid gruaige
scriosann í
i socracht na farraige go fáilí
faoi scáil na scamall lus na gloine
faoi bhláth caoin

Sciálaí

Cuaráin sna lámha

cosa ag géilleadh do na dumhacha

éin uisce ar eitleog i gciorcail os cionn na gaoithe

an tranglam smaointe á scaoileadh

ag guairdeall

ag stopadh na heitilte san aer

séis dhearmadta ag múchadh na goineoige

luímid ar ghrá

gróigthe le chéile ar an ala

oileán tréigthe muran taibhse í

rámhlong ag seoladh ó dheas agus soir

leis na céadta bliain

tithe solais a crainn seoil

féar muirneach don tuirseach don searbhán

a cuid féir

roilligh ag tumadh a ngob

san íochtar glárach

mar a nochtann an taoille

an fiadhúlra diamhair

á dtabhairt chun cráifeachta

i solas liath an tráthóna